Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M. 10819 – OMERS / APG / GROENDUS)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(2022/C 321/04)

1. An 17 Lúnasa 2022, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— OMERS Infrastructure European Holdings 2 B.V. ("OMERS Infrastructure", an Ísiltír), á rialú ag OMERS Administration Corporation ("OMERS", Ceanada),

— APG Asset Management N.V. ("APG", an Ísiltír), á rialú ag Stichting Pensioenfonds ABP ("ABP", an Ísiltír),

— Groendus Groep B.V. ("Groendus", an Ísiltír), á rialú ag NPM Capital N.V. (an Ísiltír).

Gheobhaidh OMERS agus APG rialú comhpháirteach ar Groendus ina iomláine de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) agus Airteagal 3(4) den Rialachán um Chumaisc.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is ardán infheistíochta é OMERS Infrastructure atá á rialú ag OMERS agus a bhainistíonn punann éagsúlaithe infheistíochtaí i margaí poiblí, cothromas príobháideach, bonneagar agus réadmhaoin ar an leibhéal domhanda.

— Tá APG á rialú ag ABP a bhainistíonn punann éagsúlaithe infheistíochtaí i mbonneagar agus réadmhaoin ar an leibhéal domhanda.

— Soláthraíonn Groendus seirbhísí do chustaiméirí fiontair san Ísiltír chun cúnamh a thabhairt leis an aistriú go dtí tomhaltas fuinnimh inbhuanaithe. Ar na seirbhísí áirítear méadair agus grianphainéil a ligean ar cíos, a dhíol, a shuiteáil agus a chothabháil, comhairle a sholáthar, sreabha fuinnimh a thomhais, agus fuinnimh in-athnuaite a sholáthar, agus EnergyMarketPlace (ardán lena n-éascaítear ceannach agus díol cumhachta glaise go díreach ó tháirgeoirí).

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le nós imeachta simplithe i dtaca le cóireáil comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúlacha a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M. 10819 – OMERS / APG / GROENDUS

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost, le facs nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Facs +32 22964301

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an "Rialachán um Chumaisc").
([2]) IO C 366, 14.12.2013, lch. 5.

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË